## Aimsir 6 - Aimsir Chaite (Inné)

**Bhí   Níor athraigh**

1 Bhí stoirm ghaoithe agus stoirm shneachta ann aréir.
2 Níor athraigh na soilse ó dhearg. Bhí an trácht ina stad tamall fada.

**Theip**

3 Theip ar an gcumhacht leictreachais le linn na stoirme.
4 Bhí an chathair dubh dorcha gan chumhacht le linn na hoíche.

**ag cur thar bruach**

5 Bhí an abhainn i lár na cathrach ag cur thar bruach.
6 Chuir teaghlaigh málaí gainimh ag na doirse.

**D'éirigh**

7 D'éirigh na tuilte níos airde le linn na stoirme.
8 San ionad saoire seo bhí aimsir álainn ann agus bhí na déagóirí cois farraige.

**D'imir  Shuigh**

9 D'imir na fir cluiche eitpheile ar an ngaineamh faoi theas na gréine.
10 Shuigh an turasóir faoi theas na gréine agus leath sé grianbhac ar a chraiceann.

**Chaith**

11 Chaith an fear hata gréine agus leath sé uachtar gréine ar a chraiceann.
12 Bhí na feirmeoirí gnóthach san fhómhar ag baint an fhéir.

**Thit  Tháinig**

13 Thit na duilleoga donna de na crainn le linn an fhómhair.
14 D'éirigh an aimsir níos measa agus bhí na laethanta ag éirí níos giorra ag tús an fhómhair.
15 Tháinig an stoirm ghaoithe ag deireadh an fhómhair.

**D'éirigh**

16 D'éirigh an aimsir níos fuaire arís ag tús an gheimhridh. D'ísligh an teocht.
17 Tháinig m'aintín abhailé ón Astráil do laethanta saoire na Nollag. Bhí an teocht níos ísle anseo.

**ag tnúth  Thaitin**

18 Bhí gach duine ag tnúth le laethanta fada an tsamhraidh.
19 Bhí mo chairde ag súil le laethanta, saor ó obair bhaile, san aimsir the.
20 Thaitin laethanta saoire an tsamhraidh agus an aimsir the liom.

## Foclóir

1 storm ghaoithe / wind storm ghaoithe / tuis ginideach of gaoth
2 Níor athraigh / did not change ó dhearg from red tracht ina stad / traffic in a standstill
3 Theip / failed cumhacht leictreachais / electric power
4 dubh dorcha / pitch dark gan / without le linn / le linn / during
5 abhainn / river thar bruach / thar maoil / overflowing
6 teaghlach+ teaghlach / teaghlaigh gainimh / tuis ginideach of gaineamh / sand
7 D'éirigh / past tense of éirigh / got up níos airde / higher ard / nios airde / is airde
8 ionad saoire / holiday resort déagóirí / teenagers D'imir / played

9 ar an ngaineamh ar an +urú ng eitpheil / voleyball ag imirt eitpheile (tuis gin. of eitpheil)
10 grianbhac / sunblock leath sé / he spread a chraiceann / his skin
11 Leath sé / He spread
12 ag baint an fhéir / cutting the hay
13 le linn / le linn / during
14 D'éirigh an aimsir / The weather got olc / níos measa / is measa bad / worse / worst
15 Tháinig an stoirm / The storm came gairid / gearr níos / gairde / nios giorra
16 níos fuaire / colder fuar / níos fuaire / is fuaire cold / colder / coldest
17 ón Astráil / from Australia níos ísle / lower íseal / níos ísle / is ísle
18 ag tnúth / ag dúil / looking forward
19 saor ó obair bhaile / free from homework
20 te / warm aimsir the / warm weather

## **Aimsir 6 - Aimsir Fháistineach** (Amárach)

**Beidh Ní athróidh**

1 Beidh stoirm ghaoithe agus stoirm shneachta ann san oíche amárach.
2 Ní athróidh na soilse ó dhearg. Beidh an trácht ina stad tamall fada.

**Teipfidh**

3 Teipfidh ar an gcumhacht leictreachais le linn na stoirme.
4 Beidh an chathair dubh dorcha le linn na hoíche gan chumhacht.

**ag cur thar bruach**

5 Beidh an abhainn i lár na cathrach ag cur thar bruach anocht.
6 Cuirfidh teaghlaigh málaí gainimh ag na doirse.

**Éireoidh**

7 Éireoidh na tuilte níos airde le linn na stoirme.
8 Beidh aimsir álainn san ionad saoire seo agus beidh na déagóiri cois farraige.

**Imreoidh Suífidh**

9 Imreoidh na déagóirí cluiche eitpheile ar an ngaineamh sa teas.
10 Suífidh an turasóir faoi theas na gréine agus úsáidfidh sé grianbhac ar a chraiceann.

**Caithfidh**

11 Caithfidh an turasóir hata gréine agus leathfaidh sé uachtar gréine ar a chraiceann.
12 Beidh na feirmeoirí gnóthach san fhómhar ag baint an fhéir.

**Titfidh Éireoidh**

13 Titfidh na duilleoga donna de na crainn le linn an fhómhair.
14 Éireoidh an aimsir níos measa agus beidh na laethanta níos giorra san fhómhar.
15 Beidh saoire scoile na Samhna ann ag deireadh an fhómhair.
16 Éireoidh an aimsir níos fuaire arís ag tús an gheimhridh. Ísleoidh an teocht.

**Fillfidh ag tnúth**

17 Fillfidh m'aintín abhaile do laethanta saoire na Nollag. Beidh an teocht níos ísle anseo.
18 Beidh gach duine ag tnúth le laethanta fada an tsamhraidh.

**Taitneoidh**

19 Beidh déagóirí ag tnúth le laethanta, saor ó obair bhaile, amuigh san aimsir dheas the.
20 Taitneoidh laethanta saoire an tsamhraidh agus an aimsir the liom.

## Foclóir

1 storm ghaoithe / wind storm ghaoithe / tuis ginideach of gaoth
2 Ní athróidh / will not change ó dhearg / from red tracht ina stad / traffic in a standstill
3 Teipfidh / will fail cumhacht leictreachais / electric power
4 dubh dorcha / pitch dark gan / without le linn / le linn / during
5 abhainn / river thar bruach / thar maoil / overflowing
6 teaghlach+ teaghlach / teaghlaigh gainimh / tuis ginideach of gaineamh / sand
7 Éireoidh will rise / get up níos airde / higher
8 ionad saoire / holiday resort déagóirí / teenagers
9 Imreoidh / future of imir will play ar an ngaineamh eitpheil / voleyball ag imirt eitpheile
10 turasóir / tourist grianbhac / sunblock leathfaidh sé / he will spread a chraiceann / his skin
11 Leathfaidh sé / He will spread Cuirfidh sé / He will put on
12 ag baint an fhéir / cutting the hay
13 le linn / i ith / during
14 eireoidh an aimsir / The weather will get olc / níos measa / is measa bad /worse/worst
15 ag deireadh an fhómhair / at the end of Autumn gearr/ níos giorra /is giorra/short/shorter/shortest
16 níos fuaire / colder fuar / níos fuaire / is fuaire
17 Fillfidh / will return ón Astráil / from Australia
18 ag tnúth / ag dúil le / looking forward
19 déagóirí / teenagers saor ó obair bhaile / free from homework
20 Taitneoidh / will like te / warm aimsir the / warm weather

## Aimsir 6 - Aimsir Láithreach (Gach Lá)

**Bíonn Ní athraíonn**

1 Bíonn stoirmeacha gaotha agus stoirmeacha sneachta ann sa gheimhreadh.
2 Ní athraíonn na soilse ó dhearg agus bíonn an trácht ina stad nuair a theipeann ar an leictreachas

**nuair a theipeann**

3 Bíonn na scoileanna dúnta nuair a theipeann ar an gcumhacht.
4 Bíonn an chathair dubh dorcha le linn na hoíche gan chumhacht.

**ag cur tar bruach**

5 Bíonn an abhainn i lár na cathrach ag cur thar bruach gach aon bhliain san aimsir fhliuch.
6 Cuireann teaghlaigh málaí gainimh ag na doirse.

**Éiríonn**

7 Éiríonn na tuilte níos airde le linn na stoirmeacha.
8 Bíonn aimsir álainn ann agus bíonn na déagóirí cois farraige san ionad saoire seo.

**Imríonn Suíonn**

9 Imríonn na déagóirí cluichí peile agus eitpheile ar an ngaineamh sa teas.
10 Suíonn an fear seo faoi theas na gréine agus leathann sé grianbhac ar a chraiceann.

**Caitheann**

11 Caitheann an fear hata gréine agus leathann sé uachtar gréine ar féin.
12 Bíonn na feirmeoirí gnóthach san fhómhar ag baint an fhéir.

**Caitheann Éiríonn**

13 Titeann na duilleoga donna de na crainn le linn an fhómhair.
14 Éiríonn an aimsir níos measa agus éiríonn na laethanta níos giorra san fhómhar.

**Tagann Éiríonn**

15 Tagann saoire scoile na Samhna ag deireadh an fhómhair.
16 Éiríonn an aimsir níos fuaire arís ag tús an gheimhridh. Íslíonn an teocht.

**Filleann ag tnúth**

17 Filleann m'aintín abhaile ón Astráil do laetheanta saoire na Nollag.Bíonn an teocht níos ísle anseo
18 Bíonn gach duine ag tnúth le laethanta fada an tsamhraidh.

**Taitníonn**

19 Bíonn déagóirí ag tnúth le laethanta, saor ó obair bhaile, san aimsir the.
20 Taitníonn laethanta saoire an tsamhraidh liom gach aon bhliain.

## Foclóir

1 stoirm ghaoithe / wind storm ghaoithe / tuis ginideach of gaoth
2 Ní athraíonn / do not change ó dhearg / from red tracht ina stad / traffic in a standstill
3 Teipeann / fails cumhacht leictreachais / electric power
4 dubh dorcha / pitch dark gan / without i rith / le linn / during
5 abhainn / river thar bruach / thar maoil / overflowing
6 teaghlach+ teaghlach / teaghlaigh gainimh / tuis ginideach of gaineamh / sand
7 Éiríonn /rising /getting up ard / níos airde / is airde high/higher/highest
8 ionad saoire / resort déagóirí / teenagers
9 Imríonn / play ar an ngaineamh ar an +urú ng eitpheil / voleyball ag imirt eitpheile
10 turasóir / tourist grianbhac / sunblock leathfaidh sé / he will spread a chraiceann / his skin
11 Leathann sé / He spreads Cuireann sé / He spreads
12 ag baint an fhéir / cutting the hay
13 Titeann / falls le linn / le linn / during
14 éiríonn an aimsir / The weather gets olc / níos measa / is measa bad / worse / worst
15 Tagann / comes gearr / gairid / short níos giorra / níos giorra / shorter
16 níos fuaire / colder fuar / níos fuaire / is fuaire

17 Filleann / returns ón Astráil / from Australia ísle / lower íseal / níos ísle / is ísle
18 ag tnúth / looking forward
19 déagóirí / teenagers saor ó obair bhaile / free from homework
20 Taitníonn / likes

## An Aimsir 6 - Ainm Briathartha (Anois)

**Tá ag athrú**

1 Tá stoirm ghaoithe agus tá stoirm shneachta ann.
2 Níl na soilse ag athrú ó dhearg. Tá an trácht ina stad.
3 Níl aon chumhacht leictreachais ann.
4 Tá an chathair dubh dorcha gan chumhacht.

**ag cur thar bruach**

5 Tá an abhainn i lár na cathrach ag cur thar bruach.
6 Tá teaghlaigh ag cur málaí gainimh ag na doirse.

**ag éirí**

7 Tá na tuilte ag éirí níos airde.
8 San ionad saoire seo tá aimsir álainn ann agus tá na déagóirí cois farraige.
9 Tá na déagóirí ag imirt eitpheile ar an ngaineamh faoi theas na gréine.

**a úsáid a leathadh**

10 Tá an fear seo faoi theas na gréine agus tá grianbhac a úsáid ar a chraiceann aige.
11 Tá hata gréine ar an bhfear agus tá uachtar gréine a leathadh ar a chraiceann aige.

**ag baint an fhéir**

12 Tá na feirmeoirí gnóthach san fhómhar ag baint an fhéir.
13 Tá na duilleoga donna ag titim de na crainn le linn an fhómhair.
14 Tá na laethanta ag éirí níos giorra san fhómhar.
15 Tá Oíche Shamhna ag deireadh an fhómhair.
16 Tá an aimsir níos fuaire arís ag tús an gheimhridh.
17 Tá féasta na Nollag i lár an gheimhridh.

**ag tnúth**

18 Tá gach duine ag tnúth le laethanta fada an tsamhraidh.
19 Táimid ag fanacht ar laethanta, saor ó obair bhaile, faoi theas na gréine.
20 Tá laethanta saoire an tsamhraidh agus an aimsir the go hiontach.

## Foclóir

1 stoirm ghaoithe / wind storm ghaoithe / tuis ginideach of gaoth
2 ag athrú / changing ó dhearg / from red tracht ina stad / stoptha / traffic in a standstill

3 Níl aon / There is no cumhacht leictreachais / electric power
4 dubh dorcha / pitch dark gan / without
5 abhainn / river thar bruach / thar maoil / overflowing
6 teaghlach+ teaghlach / teaghlaigh gainimh / tuis ginideach of gaineamh / sand
7 níos airde / higher ard nios airde is airde high / higher / highest
8 ionad saoire / holiday resort déagóirí / teenagers
9 ar an ngaineamh ar an +urú ng
10 grianbhac / sunblock a chur / to put úsáid / using a chraiceann / his skin
11 a leathadh / spreading
12 ag baint an fhéir / cutting the hay
13 le linn / I rith / during
14 ag éirí / getting gearr / níos giorra / níos giorra short / shorter
15 deireadh an Fhómhair / end of Autumn
16 níos fuaire / colder fuar / níos fuaire / is fuaire
17 i lár an gheimhridh / middle of winter geimhreadh tuis ginideach an gheimhridh after i lár
18 ag tnúth / ag dúil / looking forward
19 saor ó obair bhaile / free from homework
20 go hiontach / wonderful

anmúinteoir ©

*Digital Resource for Teachers, Students and Parents*

This content is protected by Digital Copyright Laws. Reproduction and distribution of this content without written permission of anmúinteoir is prohibited.